

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14250/26

CLIMA 524
ENV 1204
ONU 65
DEVGEN 165
ECOFIN 1287
ENER 641
MAR 162

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Ullmhúcháin don 31ú Comhdháil de na Páirtithe (COP31) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Antalya, an Tuirc, an 9 go dtí an 20 Samhain 2026) - Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4200ú cruinniú dácuide, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

**Ullmhúcháin don 31ú Comhdháil de na Páirtithe (COP31) de Chreat-Choinbhinsiún
na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)
(Antalya, an Tuirc, an 9 go dtí an 20 Samhain 2026)**

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc teochta 1.5 °C atá aige.
2. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI, ó glacadh Comhaontú Pháras, go bhfuil laghdú tagtha ar an méadú réamh-mheasta ar an teocht dhomhanda mar thoradh ar an uaillmhian chomhchoiteann mhaolúcháin a cuireadh in iúl sna Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (RCNanna) agus sna Straitéisí Forbartha Fadtéarmacha Íseal-Astaíochtaí, ach CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI nach leor an uaillmhian agus an cur chun feidhme atá ann faoi láthair chun an téamh a theorannú go 1.5 °C.
3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar astaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa (GCT) agus gur dócha go sárófar téamh 1.5 °C sna blianta amach romhainn. TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile, go háirithe na hastaírí móra, gníomhú leis an uaillmhian is airde is féidir agus gach iarracht a dhéanamh filleadh ar chonair chomhoiriúnach 1.5 °C agus méid agus fad an tsáraithe a íoslaghdú. MEASANN SÍ gur gá astaíochtaí domhanda a laghdú anois agus gach codán breise den téamh a sheachaint chun tionchair dho-aisiompaithe an athraithe aeráide a íoslaghdú. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR gurb í conair an tsáraithe, na buaice agus an laghdaithe an rogha is fearr atá fágtha chun an méadú teochta a thabhairt go 1.5 °C nó faoina bhun faoi dheireadh an chéid.
4. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ábhartha ó Chomhairle COP UNFCCC roimhe seo agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh siad de bheith infheidhme go hiomlán, chomh maith leis na conclúidí ó mhí Aibreáin 2026 maidir le taidhleoireacht fuinnimh agus aeráide an Aontais.¹

¹ 14285/23, 14459/24, 14310/25, 8417/26

AN CUSPÓIR FORIOMLÁN

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do COP31 dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus rannchuidiú go fóinteach leis na bearnaí domhanda san uaillmhian agus sa chur chun feidhme a dhúnadh, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide.
6. MEASANN SÍ nach mór do COP31 an treoir a leagan síos don dara hathbhreithniú domhanda agus do thimthriall uaillmhéine Chomhaontú Pháras, ag tógáil ar thorthaí an chéad athbhreithnithe dhomhanda, ag cur dlús le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus ag rannchuidiú lena spriocanna a bhaint amach.

CREAT STRAITÉISEACH

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI an dlús atá á chur le tionchair an athraithe aeráide agus na géarchéime domhanda leanúnaí fuinnimh ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí ar fud an domhain. CUIREANN SÍ IN IÚL gur bagairt eisiach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil, agus nach ndéanann sé aon tír, aon chríoch ná aon réigiún a spáráil.
8. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, agus AITHNÍONN SÍ a thuilleadh go bhfuil an t-aistriú i dtreo foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh bunriachtanach chun slándáil fuinnimh, inacmhainneacht agus infhaighteacht a áirithiú do chách agus athléimneacht an chórais fuinnimh á neartú agus spleáchais straitéiseacha á laghdú ag an am céanna.
9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ A THUILLEADH a thábhachtaí atá an t-aistriú glan agus an geilleagar ciorclach, lena n-áirítear an bithgheilleagar, mar spreagthaí don nuálaíocht, do phoist, don fhás eacnamaíoch, don fhorbairt inbhuanaithe, don tsláinte phoiblí, do chórais bhia inbhuanaithe, don tslándáil bia, agus don iomaíochas, agus don phríomhfhreagairt ar na géarchéimeanna aeráide agus comhshaoil.
10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide mar réamhriachtanas do shochaithe agus do gheilleagair shábháilte, inbhuanaithe agus rathúla. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go láidir go bhfuil an maolú agus an t-oiriúnú comhlántach agus ríthábhachtach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. MEABHRAÍONN SÍ gur príomhghné den athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide é córais luathrabhaidh a bheith ar fáil, go háirithe i Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS) agus sna Tíortha is Lú Forbairt (LDCanna).

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cúis mhór inní di an staid sa Mheánoirthear mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2026.

AN tILTAOBHACHAS A NEARTÚ

12. CUIREANN SÍ I dTREIS tiomantas an Aontais don iltaobhachas agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról lárnach atá ag UNFCCC agus ag Comhaontú Pháras maidir le gníomhú idirnáisiúnta ar son na haeráide. TÁ SÍ AG SÚIL le dul chun cinn a dhéanamh sa phlé maidir leis an gcóras iltaobhach aeráide a athchóiriú, lena n-áirítear a éifeachtacht, a éifeachtúlacht, a shláine agus a chuimsitheacht a neartú chun a áirithiú go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm.
13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht Bhallstáit uile an Aontais ag COP31 in Antalya na Tuirce, ón 9 go dtí an 20 Samhain 2026, agus in imeachtaí ardleibhéil ábhartha arna réachtáil i ndáil leis an gComhdháil, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ prionsabal na dlúthpháirtíochta i measc Bhallstáit an Aontais i ndáil leis seo.
14. AITHNÍONN SÍ na hidirnaise idir an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, an truailliú, fairsingiú fásaigh, úsáid talún, dífhoraioisiú agus athruithe ar thimthriall an uisce. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin ról ríthábhachtach an Aigéin agus na tionchair mhéadaitheacha idirnasctha ar éiceachórais agus ar phobail mhuirí agus chósta, go háirithe in SIDS agus san Artach. IARRANN SÍ go mbeadh comhar níos dlúithe agus sineirgí neartaithe ann le heagraíochtaí agus próisis idirnáisiúnta eile, go háirithe idir Coinbhinsiúin Rio agus Comhaontú Pháras.
15. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an córas iltaobhach bunaithe ar chomhroinnt faisnéise agus anailíse. MEASANN SÍ nach mór don eolaíocht leanúint de bheith mar threoir don ghníomhú domhanda ar son na haeráide agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá a neamhspleáchas, a sláine agus a hábharthacht beartais a chosaint. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil arna soláthar ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA), agus ag an gCóras Domhanda Breathnóireachta Aeráide (GCOS) agus TATHANTAÍONN SÍ go leanfaí den eolas a chomhroinnt de mheon an fhíorchomhair idirnáisiúnta agus de na hiarrachtaí maidir le sláine faisnéise. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cur i gcoinne scaipeadh méadaithe na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise aeráide agus chun sláine faisnéise a neartú.

16. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór do na Páirtithe uile, agus gníomhaíocht á déanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chosaint, a urramú, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR gur gá an tsochaí shibhialta, cosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol, leanaí agus an óige, comhionannas inscne, lena n-áirítear mná agus cailíní ina n-éagsúlacht uile i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, de réir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024)², pobail áitiúla, Pobail Dhúchasacha, daoine faoi mhíchumas, agus daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint agus a chumhachtú.
17. AITHNÍONN SÍ na sineirgí idir gníomhú ar son na haeráide agus trádáil agus TÁ SÍ AG SÚIL le leanúint de dhea-chleachtais agus taithí a chomhroinnt le comhpháirtithe i gcomhthéacs an Idirphlé maidir le Trádáil agus leis an Athrú Aeráide, mar a shainordaítear le CMA.7.

TIMTHRIALL UAILLMHÉINE CHOMHAONTÚ PHÁRAS A BHAINTEAMACH

18. IARANN SÍ go ndéanfaí RCNanna a chur chun feidhme go héifeachtach agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe sin nach bhfuil sé déanta acu go fóill a RCNanna a thíolacadh roimh COP31, lena léireofar an dul chun cinn, an uaillmhian is airde is féidir, agus ailíniú le conair 1.5 °C agus leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá Pleananna Oiriúnaithe Náisiúnta (PONanna) agus MEABHRAÍONN SÍ gur iarradh sa chéad athbhreithniú domhanda ar na Páirtithe uile PONanna a thíolacadh.
19. AITHNÍONN SÍ ról RCNanna agus PONanna mar uirlisí lárnacha forbartha, maolaithe agus oiriúnaithe ó thaobh na pleanála náisiúnta agus IARANN SÍ ar na Páirtithe iad a ionchorprú i bpleananna infheistíochta náisiúnta agus in ardáin náisiúnta tíre. CUIREANN SÍ I dTREIS tiomantas an Aontais oibriú leis na Páirtithe chun cabhrú lena RCNanna agus lena PONanna a chur chun feidhme. MEABHRAÍONN SÍ na réitigh atá ar fáil ar fud na n-earnálacha chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go láidir rannchuidiú suntasach na rialtas áitiúil agus réigiúnach chun cuspóirí aeráide a bhaint amach.
20. AITHNÍONN SÍ an Creat Trédhearcachta Feabhsaithe, lena n-áirítear an Breithniú Éascaitheach Iltaobhach ar Dhul Chun Cinn a ghabhann leis, mar ionchur rithábhachtach i dtimthriall uaillmhéine Chomhaontú Pháras agus TÁ SÍ AG SÚIL leis na haighneachtaí ón dara Tuarascáil Dhébhliantúil Trédhearcachta a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2026 agus IARANN SÍ ar pháirtithe nár thíolaic a gcéad Tuarascáil Dhébhliantúil Trédhearcachta go fóill é sin a dhéanamh a luaithe is féidir.

² De réir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024). Cuireadh síneadh leis an bplean gníomhaíochta go dtí 2027.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le torthaí uile an chéad athbhreithnithe dhomhanda a chur chun feidhme i dteannta a chéile agus cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas sin agus tús á chur againn leis na hullmhúcháin don dara hathbhreithniú domhanda. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an Seachtú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA), tuarascálacha ó eagraíochtaí saineolaithe amhail Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (IRENA), Tuarascálacha Sintéise RCN UNFCCC agus na dTuarascálacha Débhliantúla Trédhearcachta, agus aschuir ón gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide, tionscnaimh faoi stiúir na hUachtaránachta agus tionscnaimh ilpháirtithe leasmhara, a chur ar fáil go tráthúil mar ionchuir chriticiúla don dara hathbhreithniú domhanda.

TORTHAÍ PRAITICIÚLA AGUS CUR CHUN FEIDHME

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh toradh ar COP31 a chuideoidh le dlús a chur le huaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe atá ailínithe le conairí 1.5 °C. Chuige sin, IARRANN SÍ go gcuirfí dlús leis an aistriú chuig fuinneamh glan tríd an leictriú glan a mhéadú, agus torthaí an chéad athbhreithnithe dhomhanda a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú cóir, ordúil agus cothrom ó bhreoslaí iontaise; fuinneamh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí, feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt, astaíochtaí nach astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin iad a laghdú ar fud an domhain, go háirithe astaíochtaí meatáin, chomh maith le dífhoraísiú a stopadh agus a aisiompú faoi 2030, agus ag an am céanna cur leis an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide.
23. IARRANN SÍ go gcuirfí spás leordhóthanach ar fáil ag COP31 sa chaibidlíocht chun iarrachtaí maolaithe a phlé agus TÁ SÍ TIOMANTA féachaint go gníomhach ar bhealaí chun uaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a neartú trí shocrúithe agus míreanna ar an gclár oibre atá ann cheana agus socruithe agus míreanna nua ar an gclár oibre a fheabhsú agus a nascadh ar bhealach níos fearr. AITHNÍONN SÍ an Clár Oibre um Maolú, Misean Belém go 1.5 °C, an Luasaire Cur Chun Feidhme Domhanda, an Clár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide agus tionscnaimh ón Uachtaránacht, lena n-áirítear Treochláir Uachtaránacht COP30 mar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an méid sin a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé leanúint den Chlár Oibre um Maolú ag COP31 agus é a neartú.
24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais d'aistriú cóir ar fud an domhain, atá mar bhonn agus mar thaca ag glacadh an phobail le beartais aeráide agus ag cumasú na huaillmhéine aeráide. IARRANN SÍ AR NA PÁIRTITHE an Sásra um Aistriú Cóir a oibríochtú chun rannchuidiú le beartais aeráide intíre atá ailínithe le 1.5 °C agus atá cóir go sóisialta agus cuimsitheach agus béim á leagan ar threoir, ar chomhordú, ar rannpháirtíocht chuimsitheach na bpáirtithe leasmhara agus ar fhothú acmhainneachta.

25. I bhfianaise thionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide ar fud an domhain, ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú a bhaint amach agus Creat Aontas na nÉimíreachtaí Arabacha um Athléimneacht Dhomhanda in aghaidh an Athraithe Aeráide a chur chun feidhme mar phríomhionstraimí forbartha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.
26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais do chur chun feidhme Phlean Oibre Baku maidir le hArdán na bPobal Áitiúil agus na bPobal Dúchasach, Plean Gníomhaíochta Inscne Belém, agus do Phlean Gníomhaíochta uailmhianach, idirghlúine agus trasnach maidir le Cumhachtú Aeráide a chur i gcrích, d'fhonn ról na sochaí sibhialta i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na gníomhaíochta aeráide a neartú tuilleadh agus sláine na faisnéise agus an rochtain ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil agus atá iontaofa a dhaingniú.

MAOINIÚ AGUS TACAÍOCHT DON TROID I gCOINNE AN ATHRAITHE AERÁIDE

27. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar a formheasadh iad an 9 Deireadh Fómhair 2026³.
28. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé úsáid maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a uas-scálú do thíortha i mbéal forbartha tríd an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann a chur chun feidhme go trédhearcach, lena n-áirítear tacaíocht do mhaolú agus d'oiriúnú, lena n-áirítear caillteanas agus damáiste, go háirithe do na tíortha is leochailí, amhail na Tíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ, sa chomhthéacs sin, an iarraidh ar iarrachtaí chun maoiniú don oiriúnú a mhéadú faoi thrí faoi 2035. AITHNÍONN SÍ nach leor an t-airgeadas poiblí amháin chun aghaidh a thabhairt ar scála an mhaoinithe is gá chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus nach mór cur leis an maoiniú ó gach foinse agus le líon níos leithne ranníocóirí.
29. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na srianta, na dúshláin, na héagothromaíochtaí córais agus na bacainní atá ann cheana maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a laghdú. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí réidh leanúint leis na hiarrachtaí sin, agus IARANN SÍ ar na gníomhaithe uile oibriú le chéile chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú atá ag tíortha i mbéal forbartha, go háirithe do na Tíortha is Lú Forbairt agus do Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, lena n-áirítear faoi cheannaireacht Uachtaránachtaí COP31, bearta nithiúla a dhéanamh i mbliana chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

³ 14090/26

30. MEABHRAÍONN SÍ gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit, in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, na soláthraithe is mó de mhaoiniú poiblí idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide.
31. CUIREANN SÍ IN IÚL gur iarracht intíre agus idirnáisiúnta araon é sreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an gconair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, rud atá ríthábhachtach chun maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú ó gach foinse agus chun caipiteal a aistriú ó infheistíochtaí ardastaíochtaí. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag teacht chun cinn maidir le foinsí nuálacha féideartha airgeadais, lena n-áirítear praghsáil carbóin, trádáil astaíochtaí, agus margáil carbóin.
32. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ionstraimí praghsála carbóin intíre éifeachtacha mar go bhfuil siad ar cheann de na bealaí is éifeachtúla agus is costéifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú, agus a n-acmhainneacht chun sreafaí airgeadais a atreorú i dtreo gníomhú ar son na haeráide.

RÓL NA gCOMHGHUAILLÍOCHTAÍ AGUS NA gCOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

33. AITHNÍONN SÍ an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide ó thaobh cur chun feidhme a chur chun cinn agus ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Uachtaránacht COP30 chun tuilleadh struchtúir agus cuntasachta a chur ar an gclár oibre sin. MOLANN SÍ d'Uachtaránachtaí COP atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo cur leis an méid sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin an ról tábhachtach atá ag tionscnaimh ilpháirtithe maidir le cur chun feidhme domhanda na gníomhaíochta ar son na haeráide a chur chun cinn, amhail an Chéad Chomhdháil maidir le hAistriú ó Bhreoslaí Iontaise, a tionóladh in Santa Marta na Colóime.
34. CUIREANN SÍ IN IÚL go háirithe go mbeidh sé ríthábhachtach dlús a chur leis an leictriú glan ar fud an domhain chun uailmhian a mhéadú, cur chun feidhme a mhéadú agus comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide a neartú agus dá bhrí sin TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Ráiteas Comhpháirteach maidir le seoladh an tionscnaimh 'Electrify Now' mar ardán ardleibhéil chun dlús a chur le leictriú an gheilleagair dhomhanda.
35. TÁ SÍ AG SÚIL LE plé a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnaimh a mhol Uachtaránacht inteachta COP31, sna réimsí seo a leanas: leictriú, laghdú nialasach dramhaíola agus meatáin, cathracha agus foirgnimh athléimneacha, tionsclú glas, feasacht i ngach réimse, agus droichead cur chun feidhme aeráide.

CONCLÚID

36. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR nach mór do COP31/CMA8 athrú ó bhonn a dhéanamh ar sheachadadh agus ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras.

ATHDHEARBHAÍONN SÍ, trí ghníomhaíocht idirnáisiúnta uaillmhianach chomhordaithe, gur féidir leis an gcomhphobal domhanda cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach fós agus an sprioc teochta 1.5 °C a bhaint amach.
